Tithe an Oireachtais
Houses of the Oireachtas

# Treoirlínte an Choiste um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú maidir le caint lena ndéantar dochar

## Treoirlínte maidir leis na breithnithe cuí agus ábhartha le haghaidh cinntí faoi Bhuan-Orduithe 71 agus 71A de chuid na Dála agus faoi Bhuan-Orduithe 49A agus 49B de chuid an tSeanaid

### Réamhrá

Tháinig na Coistí um Pribhléidí Parlaiminteacha agus Formhaoirsiú sa dá Theach (dá ngairtear "an Coiste" anseo feasta) ar chomhaontú maidir leis na Treoirlínte seo ar mhaithe leis na breithnithe cuí agus ábhartha a leagan amach, breithnithe a chuirfidh gach Coiste san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu de bhun Bhuan-Orduithe 71, 71A nó 71B de chuid na Dála agus Bhuan-Orduithe 49A, 49B agus 49C de chuid an tSeanaid, mar is iomchuí, lena n-áirítear cinneadh a dhéanamh cibé ar tharla mí-úsáid pribhléide nó nár tharla.

Tá breithnithe den sórt sin ábhartha i gcás ina bhfuil aighneacht faighte ag an gCoiste ó dhuine atá den tuairim go ndearnadh dochar dó/di mar gheall ar chaint arna déanamh le linn imeachtaí na dTithe nó imeachtaí Choistí na dTithe, nó i gcás aighneacht den sórt sin arna tarchur chuig an gCoiste ag Cathaoirleach; tabharfar "gearáin" ar aighneachtaí agus ábhair arna dtarchur anseo feasta.

Ní dhéanfaidh an Coiste breithniú ach ar chaint a rinneadh le linn imeachtaí Tí nó Coiste agus ní dhéanfaidh sé breithniú ar aon trácht a rinneadh in aon fhóram eile.

## Buan-Orduithe

Tráth a ndearnadh na treoirlínte seo a ghlacadh, is iad Buan-Orduithe 71, 71A agus 71B de chuid na Dála agus Buan-Orduithe 49A, 49B agus 49C de chuid an tSeanaid na Buan-Orduithe ábhartha. Go sonrach, leagadh na Treoirlínte seo amach d'fhonn na breithnithe cuí agus ábhartha a shonrú, ar breithnithe iad sin a ndearnadh réamhaíocht ina leith i mBuan-Ordú 71A(7) de chuid na Dála agus Buan-Ordú 49B(7) de chuid an tSeanaid, agus leagadh amach iad de bhun Bhuan-Ordú 119(*b*)(ii) de chuid na Dála agus Bhuan-Ordú 98(*b*)(ii) de chuid an tSeanaid.

I gcás go ndéanfar na Buan-Orduithe sin a leasú ar bhealach a athróidh uimhriú na mBuan-Orduithe, leanfaidh na Treoirlínte seo de bheith i bhfeidhm maidir le haon bhuan-ordú a thiocfaidh isteach ina n-áit go dtí go ndéanfar iad a leasú tuilleadh de thoradh an mhéid sin.

## Cosaint idirthréimhseach

Ní bheidh feidhm ag aon rud sna Treoirlínte seo maidir le haon ghearán a rinneadh roimhe seo nó maidir le haon ghearán a raibh an Coiste i mbun cinneadh a dhéanamh ina leith sula ndearnadh na Treoirlínte seo a ghlacadh.

## Caint lena ndearnadh dochar do dhuine

Le go mbeadh duine i dteideal a rá "go ndearnadh dochar dó/di mar gheall ar chaint", ní mór tagairt a bheith déanta don duine sin le linn na n-imeachtaí ar bhealach le go mbeadh an dóchúlacht shuntasach ann:

- go ndearnadh dochar do chlú an duine, nó maidir le plé nó baint an duine le daoine eile,
- go bhfuil díobháil déanta don duine i ngairm, ceird, oifig nó creidmheas airgeadais, nó
- go ndearnadh príobháideachas an duine a shárú go neamhréasúnta.

## Tromchúis an dochair

Gné bhunúsach d'fheidhmiú na parlaiminte is ea an tsaoirse cainte. Dá réir sin, ní mheasfaidh an Coiste go bhfuil bunús maith le gearán mura bhfuil ábhar an ghearáin tromchúiseach go leor le himscrúdú a sheoladh. Leis an gcás a mheas i gceart, ní mór an dóchúlacht a bheith ann go ndéanfar dochar suntasach don duine i gceist mar gheall ar an gcaint.

## Torthaí maidir le fírinne na cainte

Ní thiocfaidh an Coiste ar chinneadh maidir le nithe a bhaineann le fírinne agus eile na cainte.

## Leas an phobail

Gan teorannú a dhéanamh ar an gcoincheap maidir le leas an phobail, áirítear ar a bhfuil i gceist le leas an phobail ó thaobh na cainte de:

- cibé an caint í a bhaineann le hábhar de chuid an bheartais phoiblí agus le cur chun cinn an ábhair sin,
- cibé an caint í a bhaineann le hábhar imní don phobal,
- cibé an caint í a rinneadh le linn fheidhmiú na ndualgas parlaiminteach,
- cibé an caint í a rinneadh ar bhealach freagrach, lena n-áirítear ábharthacht na cainte i ndáil leis na himeachtaí, agus
- cibé an caint í lena ndéantar dochar do dhuine inaitheanta.

Agus leas an phobail á bhreithniú, bainfidh an Coiste cothromaíocht amach idir cearta na gComhaltaí gabháil gan srian do dhíospóireacht maidir le nithe a mbaineann tábhacht phoiblí leo agus cearta na ndaoine uile a bhfuil tionchar ag díospóireacht den sórt sin orthu.

## Inaitheanta go héasca

Ní dhéanfar aighneacht a mheas sa chás nach bhfuil an gearánach inaitheanta go héasca. Ní gá ainm an ghearánaigh a bheith luaite sa chaint leis an ngearánach a bheith inaitheanta. Is leor go mbeadh an Coiste den tuairim go ndearnadh tagairt don ghearánach ar bhealach trínar féidir an gearánach a aithint go héasca.

## Bealach freagrach

Cuirfidh an Coiste san áireamh na himthosca a bhain leis an gcaint a dhéanamh, lena n-áirítear:

- cibé an caint í a rinneadh ar bhealach freagrach,
- cibé an caint í a rinneadh de mheon macánta,
- cibé ar ordaigh an Cathaoirleach ábhartha don Chomhalta stad den chaint a dhéanamh agus nár stad an Comhalta,
- cibé an raibh bunús maith ag an gComhalta leis an gcaint a dhéanamh.

## Fógra roimh ré

Déanfaidh an Coiste a mheas cibé ar thug an Comhalta fógra i scríbhinn roimh ré don Chathaoirleach ábhartha lena gcur in iúl go raibh sé ar intinn ag an gComhalta an chaint a dhéanamh, agus a mhéad a raibh an chaint i gcomhréir leis an bhfógra sin.

## Ráiteas ina dhiaidh sin

Ní mór caint iomlán an Chomhalta a mheas maidir leis an ábhar, lena n-áirítear an t-ionchur iomlán lenar spreagadh aighneacht a dhéanamh agus aon ráiteas a tarraingíodh siar, a soiléiríodh, a athraíodh nó a cuireadh leis an ionchur sin tar éis don aighneacht a bheith déanta.

## Taifead iomlán na parlaiminte

Féadfaidh ionchuir de chuid Comhaltaí eile agus ionchuir na bhfinnéithe a bheith ábhartha maidir le haighneacht a mheas, go háirithe, ach gan a bheith teoranta dóibh, i gcás imthosca ina ndearnadh Comhaltaí eile idirghabháil chun cur in aghaidh na cainte ábhartha, nó ina ndearna siad tionchar na cainte a íoslaghdú ar bhealach eile.

## Trácht roimh ré

Is ábhartha do bhreithnithe an Choiste é a mhéad a rinneadh an t-ábhar a phlé nó a thuairisciú sna meáin, nó a mhéad a bhí sé san fhearann poiblí ar bhealach eile sula ndearnadh an chaint.

## Leithscéal réasúnach nó breithniú eile

Ní theorannaíonn na breithnithe thuas an Coiste óna chur san áireamh aon leithscéal a d'fhéadfadh a bheith ag an gComhalta leis an gcaint a dhéanamh, ná óna chur san áireamh aon bhreithniú ábhartha agus iomchuí eile a d'fhéadfaí a tharraingt anuas tráth ar bith.

## Mí-úsáid pribhléide

Ní gá gurb ionann caint lena ndearnadh dochar do dhuine agus mí-úsáid pribhléide.

## Leasú

Féadfaidh go n-athróidh an Coiste na Treoirlínte seo ó am go chéile.
Ghlac Coiste na Dála leo an 8 Nollaig 2020.
Ghlac Coiste an tSeanaid leo an 15 Nollaig 2020.

## Foinse na dtreoirlínte sin

Baineadh na treoirlínte sin ón gComhthuarascáil maidir le Freagairt Thithe an Oireachtais ar Bhreithiúnais na Cúirte Uachtaraí i gcás Kerins (arna leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais an 15 Nollaig 2020). An 16 Nollaig 2020, tháinig Dáil Éireann agus Seanad Éireann ar comhaontú go foirmiúil agus ghlac siad na leasuithe agus breisithe maidir le Buan-Orduithe Dháil Éireann agus Buan-Orduithe Dháil Éireann a moladh sa Chomhthuarascáil.